



**GAIRMEACHA
LE GAEILGE**



AIMSIGH DO CHEANNSA



**CAREERS
WITH GAEILGE**



FIND YOURS

GAIRMEACHA LE GAELIGE



AIMSIGH DO CHEANNSA

R Í S Ú P O S D Í A B P N A Í O N R A K
M S T A I G H D E O I R Á B H E G B E I
Í P R T S T I Ú R T H Ó I R F T H E I L
A O I B G A E P E N I U U L R N K D M B
H L O F D R B R E L L D Í P Í B E L R I
M A E O O R C E A T E A N G A I R E E H
O I H C H C S A K B A H N R B R A Ú O H
Í T T H C A E S Í H B R I E S T I Á T S
N E I C L I M O O Ú H B I B O I O T D D
G O R Ú O R S I E M A N C J I E G S G L
B I T T R I B F L Ú R Ú D C B A A C S Í
Í R S R Q S D I I I L I F C R I E R C O
D É I J I E B G A N A É A A Í S I Í I D
P N A C B O Q E B T N C N I I T L B T Ó
T O K U D I H A O E N D J D D E G H A I
T É Í N M R N C P O A N O D G O E N R
M É R E G C I H M I Í N D Ú Í F E P F
Ú L D R R L U B C R L Á I T H R E O I R
C E O L T Ó I R I A R T H Ó I R U I I T
Q L E C R G E A Ó N A L N A O N G R Ó J



MÚINTEOIR
STIÚRTHÓIR NAÍONRA
OIBRÍ POBAIL
ATEANGAIRE
AISTRITHEOIR
TAIGHDEOIR

POLAITEOIR
GNÍOMHAÍ GAELIGE
DLÍODÓIR
SCRÍBHNEOIR
CEOLTÓIR
AISTEOIR

STÁITSEIRBHÍSEACH
RIARTHÓIR
LEABHARLANNAÍ
PREASOIFIGEACH
IRISEOIR
LÁITHREOIR



Is mór an bhuntáiste í an Ghaeilge agus tú ag lorg poist anseo in Éirinn nó níos faide i gcéin. Is iomaí deis atá ar fáil dóibh siúd a bhfuil Gaeilge acu. Ar mhaith leat tabhairt faoi ghairm le Gaeilge?

Is féidir leideanna mar gheall ar an ngairm is oiriúnaí duit a fháil ó na tréithe pearsantachta atá agat cheana. Léigh tríd an tráth na gceist ar leathanaigh 8-9 le fáil amach: cén saghas duine thú, agus cén saghas gairm a thaitneodh leat?



Gaeilge is a huge advantage when looking for a job in Ireland or further afield. There are many opportunities available for people with Gaeilge. Do you want to take on a career with Gaeilge?

The personality traits that you already have can give you hints as to the most suitable career for you. Have a read through the quiz on pages 8-9 to find out: what kind of person are you, and what kind of career might you like?



SÓISIALTA

Is breá le daoine sóisialta am a chaitheamh le daoine eile, agus is minic a roghnaíonn siad gairm atá bainteach le cabhair a thabhairt. Taitníonn sé leo teagmháil phearsanta a bheith acu níos mó ná a bheith ag plé le sonraí agus uimhreacha. Is maith leo éagsúlacht ina dtimpeallacht oibre, agus faigheann siad fuinneamh ó dhaoine éagsúla. Bíonn gairmeacha a bhaineann le leas sóisialta, cúram sláinte, agus múinteoireacht mealltach don duine sóisialta.



SOCIAL

Social people love spending time with other people, and they often choose careers that involve giving help. They prefer having personal contact with people rather than dealing with details and numbers. They enjoy having a diverse work environment, and find different people energising. Careers that involve social welfare, social care and teaching are attractive to the social person.

TEANGEOLAÍOCH

Taitníonn sé le daoine teangeolaíocha a bheith ag plé le hobair a bhaineann le cruthú agus malartú eolais trí mheán na scríbhneoireachta nó tríd an bhfocal labhartha. Is breá leo a bheith ag léamh, agus plé a dhéanamh ar an méad a dúradh. Bheadh na scileanna atá ag an duine teangeolaíoch an-oiriúnach do ghairmeacha éagsúla: an scríbhneoireacht, an eagarthóireacht, aistriúchán nó ateangaireacht.



LINGUISTIC

Linguistic people enjoy work that involves creating and exchanging information by means of writing or using the spoken word. They love reading, and discussing what was said. The skills of a linguistic person would be very appropriate for writing, editing, translating or interpreting.

CEANNASACH

Bíonn an duine ceannasach an-tógtha le tionscnaimh a thosnú agus a chur i gcrích. Taitníonn dúshlán leo, agus is breá leo teacht ar réiteach na faidhbe. Bíonn siad díograiseach agus uailmhianach. Is gá go mbeadh scileanna maithe cumarsáide ag an duine ceannasach, toisc go mbíonn siad ag iarraidh daoine eile a spreagadh agus a mhealladh.



LEADING

A leading person is very taken with starting up projects and seeing them through. They enjoy a challenge and love solving problems. They are enthusiastic and ambitious. A leading person must have good communication skills, as they are often trying to encourage or sway other people.

CRUTHAITHEACH

Is breá leis an duine cruthaitheach obair a bhaineann lena shamhlaíocht a úsáid chun rudaí a chruthú - mar shampla dearadh, ceol, ealaín, dán, srl. Taitníonn éagsúlacht leo - éagsúlacht sna radharcanna, sna daoine, sna fuaimeanna agus sna háiteanna mórthimpeall orthu. Is fearr leo a bheith ag obair gan strúchtúr daingean.



CREATIVE

A creative person enjoys work that involves using their imagination to create new things - like a design, a piece of music, a poem, art, etc. They love diversity and variety - variety in the scenes, the people, the sounds and the places that surround them. They prefer to work without a strict structure.

RIARTHACH

Taitníonn sé leis an duine riarthach eolas agus earraí a chur in ord is in eagar. Is maith leo gnáthamh oibre a bheith acu, agus treoracha soiléire a leanúint. Bíonn an duine riarthach ar a chompord ag obair mar chuid de phróiséis níos mó, agus bíonn ról lárnach acu in eagrúchán san ionad oibre. Taitníonn struchtúr leo.



ADMINISTRATIVE

An administrative person enjoys putting information and items in their proper order and place. They like having a work routine, and following clear instructions. An administrative person is at ease working as part of a larger process, and they play a central role in the organisation of the workplace. They enjoy structure.

CUMARSÁIDEACH

Bíonn an duine cumarsáideach cainteach, sóisialta, agus ar a chompord os comhair daoine. Is maith leo daoine a mhealladh le focail - sa scríbhneoireacht nó sa bhfocal labhartha. Taitníonn obair sna meáin leo, agus is breá leo a bheith ar an láthair agus rudaí ag titim amach. Is féidir leo rudaí casta a mhíniú go simplí, agus scéal suimiúil a chur i láthair.



COMMUNICATIVE

A communicative person is chatty, social, and at ease in front of people. They enjoy swaying people with their words - either in writing or by spoken word. They like media work, and love being there on the scene when things are happening. They can explain complicated things in a simple way, and present an interesting story.



MÚINTEOIR

Is duine comhbhách thú a bhfuil ardscoil na cumarsáide agat. Tá cruthaitheacht agat agus bíonn tú aireach ar riachtanais na ndaoine a bhfuil tú ag cabhrú leo. Tá gairmeacha ar fáil i múinteoireacht na Gaeilge ní hamháin fud fad na tíre seo, ach ar fud an domhain - is féidir dul go Meiriceá ar scoláireacht Fulbright, nó go Ceanada ar scoláireacht ICUF chun an Ghaeilge a mhúineadh in ollscoil. Oibríonn múinteoirí áirithe i gcoláistí samhraidh agus scríobhann roinnt acu na leabhair a bhíonn in úsáid sna scoileanna. Tá a lán buntáistí ag baint leis an múinteoireacht, gan trácht ar na laethanta saoire fada!



TEACHER

You are a caring person with great communication skills. You are creative and mindful of the needs of the people you are helping. There are teaching jobs available with Gaelge not only in Ireland, but around the world - you can go to America on a Fulbright scholarship, or to Canada on an ICUF scholarship to teach Gaelge in university there. Some teachers work in the Gaeltacht during the summer and some write school books. This career has many advantages, not to mention the long holidays!

STIÚRTHÓIR NAÍONRA

Is duine fuinniúil thú agus is maith leat a bheith ag súgradh agus ag spraoi le páistí óga. Creideann tú go mór sa seanfhocal “mol an óige agus tiocfaidh sí”. Le blianta beaga anuas, tá tuiscint i bhfad níos fearr ag tuismitheoirí ar na buntáistí breise a thugann an dátheangachas dá bpáistí. Tá fás agus forbairt ag teacht ar naíonraí lán-Ghaeilge agus cuireann na stiúrthóirí go mór le forbairt phearsanta agus idirphearsanta na bpáistí



PRESCHOOL DIRECTOR

You're an energetic person, who enjoys playing and spending time with children. You really believe in the proverb “mol an óige agus tiocfaidh sí”. In recent years, parents have a much better understanding of the benefits of bilingualism for their children. Irish-medium pre-schools are growing and developing constantly, and the pre-school directors greatly enhance the personal and interpersonal development of children.

OIBRÍ POBAIL

Spreagann dul chun cinn sa phobal thú. Is duine eagraithe thú; déanann tú plean agus leagann tú amach spriocanna roimh ré. Tarlaíonn cuid mhaith den obair i bpobail atá ag dul i ngleic le fadhbanna sóisialta agus eacnamaíochta tromchúiseacha. Dírionn an obair ar dhaoine imeallaithe, idir óg agus aosta, a chumasú le teacht ar réitigh a bhfadhbanna.




COMMUNITY WORKER

You are motivated by positive change within the community. You are also a very organised person; you plan and set goals in advance. Lots of the work happens in communities dealing with serious social and economic problems. The work is focused on empowering marginalised people of all ages, and communities, towards finding and applying solutions to their problems.



ATEANGAIRE

Bonjour, konnichiwa, g'day mate! Ní hamháin go bhfuil suim agat sa Ghaeilge, ach b'fhéidir go bhfuil Fraincis, Gearmáinis, Polainnis, nó teanga eile agat chomh maith. Is maith leat a bheith ag taisteal agus a bheith ag foghlaim faoi mhodhanna maireachtála éagsúla. Oibríonn ateangaire ar an gcaint bheo amháin. Is in Institiúidí an Aontais Eorpaigh is mó a bhfuil deiseanna fostaíochta ann d'ateangairí le Gaeilge.



INTERPRETER

Bonjour, konnichiwa, g'day mate! Not only do you have an interest in Gaeilge, but maybe you also speak French, German, Polish, or another language. You like to travel and learn about different cultures. An interpreter works exclusively with the spoken word. The most employment opportunities for interpreters with Gaeilge are in the Institutions of the European Union.

AISTRITHEOIR

Tá suim agat i litríocht agus tá scileanna ríomhaireachta maithe agat. Tá i bhfad níos mó ná aistriú focal ar fhocal i gceist le ról an aistritheora. Caithfidh tú tuiscint a fháil ar chúspóir an tsleachta, agus an chuspóir sin a chur in iúl sa sprioctheanga le frásaíocht nádúrtha, intuigthe. Tá airgead iontach ar fáil dóibh siúd a bhíonn ag obair mar aistritheoirí le comhlachtaí príobháideacha, le Rannóg an Aistriúcháin in Éirinn nó le hinstitiúidí an Aontais Eorpaigh. Anuas air sin, d'fhéadfá a bheith i do shaoraistritheoir.



TRANSLATOR

You are interested in literature and you have good computer skills. The role of the translator involves much more than going through and changing a piece of text word-by-word. You have to understand the intention of the original text, and be able to get that intention across in the target language by using natural, understandable phrasing. There is great money available for those who work as translators with private companies, the Irish Translation Department or with the Institutions of the European Union. There is also the possibility of working as a freelance translator.

TAIGHDEOIR/OLLAMH

An bhfuil tú ag iarraidh dul i ngleic leis na ceisteanna is mó a bhíonn faoi chaibidil ag pobal na Gaeilge? Cad as ar tháinig an Ghaeilge? Cé mhéad duine a bhíonn á labhairt? Cén sórt Gaeilge a labhraíonn siad? Céard atá i ndán don teanga bhinn dhúchais seo? Cabhraíonn taighdeoirí go háirithe le cúrsaí pleanála teanga agus le tuiscint níos fearr a thabhairt dúinn ar an mbealach a bhíonn miontheangacha cosúil leis an nGaeilge ag athrú.



RESEARCHER/PROFESSOR

Do you want to address the main issues discussed by the Gaeilge community? Where did Gaeilge come from? How many people still speak it? What type of Gaeilge are they speaking? What's in store for our beautiful native tongue? Researchers play an important role particularly in language planning and giving us a better understanding of how minority languages like Gaeilge are changing.



TOSNAIGH ANSEO

AN MAITH LEAT A BHEITH
AG OBAIR LE DAOINE EILE?

BRAITHEANN SÉ
AR AN DUINE...

IS MAITH CINNTE, IS BREÁ
LIOM A BHEITH I LÁR AN
AONAIGH

CÉ ACU IS FEARR LEAT:
STRUCHTÚR AGUS SMACHT, NÓ
SAOIRSE AGUS SAMHLAÍOCHT?

STRUCHTÚR

SAOIRSE

RIARTHACH

CRUTHAITHEACH

ARBH FHEARR LEAT A BHEITH
AG CABHRÚ LE DO PHOBAL
ÁITIÚIL, NÓ A BHEITH AG PLÉ
LEIS AN DOMHAN MÓR?

AN POBAL
ÁITIÚIL

AN DOMHAN
MÓR

MEASAIM GO
BHFUIL MÉ ÁIT
ÉIGIN SA LÁR
EATARTHU

NÍL MÉ RÓ-
THÓGTHA LE
CEACHTAR DEN
DÁ ROCHA...

ARBH FHEARR LEAT A BHEITH
SÁINITHE I NDÍOSPÓIREACHT, NÓ
SÁINITHE I LEABHAR?

LEABHAR, I
GCÓNÁÍ

B'FHEARR LIOM
RUD ÉIGIN EILE A
DHÉANAMH..

NÍ FÉIDIR
DÍOSPÓIREACHT
MHAITH A SHÁRÚ

TEANGEOLAÍOCH

CUMARSÁIDEACH

SÓISIALTA

CEANNASACH

BAINFIDH MÉ TRIAIL
AMHÁIN EILE AS...





POLAITEOIR

Tá tú ullmhaithe le bheith i d'íonadaí ar son mhuintir na tíre. Bheifeá ag dul i ngleic le fadhbanna móra agus bheadh freagracht agat as cinní trombhríocha a thógaint. Is minic a bhíonn an Ghaeilge i lár an aonaigh i ndíospóireachtaí polaitíochta. Os rud é gurb í an Ghaeilge an teanga oifigiúil agus an teanga náisiúnta sa tír seo, tá sé thar a bheith tábhachtach go mbeadh Gaeilge ag polaiteoirí na tíre. Tugann an teanga léargas ar oidhreacht agus stair na ndaoine, rud atá riachtanach do pholaiteoir i mbun ionadaíochta ar na ndaoine úda.



POLITICIAN

You are prepared to be a representative of the people. You would be dealing with big issues and you would be responsible for taking significant decisions. Gaeilge is often at the centre of political debates. As Gaeilge is the official and national language of Ireland, it is incredibly important that politicians of this country have Gaeilge. The language gives an insight into the history and identity of Irish people, which is essential for a politician who is to represent those people.

GNÍOMHAÍ GAEILGE

Tá pearsantacht tharraingteach agat agus is minic a thugann tú daoine leat. Tá tú go mór ag iarraidh tacaíocht a thabhairt do ghluaiseacht na Gaeilge. Tá neart eagraíochtaí ann a chuireann an Ghaeilge chun cinn agus bíonn daoine bríomhara nua i gcónaí ag teastáil uathu ar mhaithe le dearcadh éagsúil a fháil ar chúrsaí Gaeilge agus Gaeltachta. D'fhéadfá a bheith ag eagrú féilte, ag tabhairt faoi fheachtais, ag dul i mbun stocaireachta le polaiteoirí nó go leor leor eile.



LANGUAGE ACTIVIST

You have a charismatic personality and you often persuade people to go along with what you say. You really want to give your support to the revival of Gaeilge. There are many organisations that promote Gaeilge and they always need enthusiastic new people to get a different view of all things Gaeilge and Gaeltacht. You could be organising festivals, coordinating campaigns, lobbying politicians or undertaking a wide variety of other duties.

DLÍODÓIR

Taitníonn léitheoireacht leat, agus is féidir leat a bheith ceandána ó am go chéile. Faoi láthair tá an-tóir ar dhlíodóirí le scileanna teanga san Aontas Eorpach. "Dlítheangeolaithe" a ghlaotar orthu. Cinntíonn an dlítheangeolaí nach gcailltear brí na bhfocal nuair a aistrítear cáipéisí agus doiciméid oifigiúla. Don obair reachtúil seo, tá sé thar a bheith tábhachtach go bhfuil gach rud go huile is go hiomlán cruinn. De ghnáth, bíonn taithí dlí ag duine mar seo, chomh maith le scileanna teanga ar ardchaihdeán.



LAWYER

You enjoy reading and you can be a bit headstrong at times. At the moment there's a huge demand for lawyers with language skills in the European Union. They call them "lawyer-linguists". Lawyer-linguists ensure that the meaning of the words is not lost when documents and official records are translated. For this kind of legislative work, it is very important to be certain that everything is accurate. Usually this person has legal experience as well as very good language skills.



POLAITEOIR

Tá tú ullmhaithe le bheith i d'íonadaí ar son mhuintir na tíre. Bheifeá ag dul i ngleic le fadhbanna móra agus bheadh freagracht agat as cinní trombhríocha a thógaint. Is minic a bhíonn an Ghaeilge i lár an aonaigh i ndíospóireachtaí polaitíochta. Os rud é gurb í an Ghaeilge an teanga oifigiúil agus an teanga náisiúnta sa tír seo, tá sé thar a bheith tábhachtach go mbeadh Gaeilge ag polaiteoirí na tíre. Tugann an teanga léargas ar oidhreacht agus stair na ndaoine, rud atá riachtanach do pholaiteoir i mbun ionadaíochta ar na ndaoine úda.



POLITICIAN

You are prepared to be a representative of the people. You would be dealing with big issues and you would be responsible for taking significant decisions. Gaeilge is often at the centre of political debates. As Gaeilge is the official and national language of Ireland, it is incredibly important that politicians of this country have Gaeilge. The language gives an insight into the history and identity of Irish people, which is essential for a politician who is to represent those people.

GNÍOMHAÍ GAEILGE

Tá pearsantacht tharraingteach agat agus is minic a thugann tú daoine leat. Tá tú go mór ag iarraidh tacaíocht a thabhairt do ghluaiseacht na Gaeilge. Tá neart eagraíochtaí ann a chuireann an Ghaeilge chun cinn agus bíonn daoine bríomhara nua i gcónaí ag teastáil uathu ar mhaithe le dearcadh éagsúil a fháil ar chúrsaí Gaeilge agus Gaeltachta. D'fhéadfá a bheith ag eagrú féilte, ag tabhairt faoi fheachtais, ag dul i mbun stocaireachta le polaiteoirí nó go leor leor eile.



LANGUAGE ACTIVIST

You have a charismatic personality and you often persuade people to go along with what you say. You really want to give your support to the revival of Gaeilge. There are many organisations that promote Gaeilge and they always need enthusiastic new people to get a different view of all things Gaeilge and Gaeltacht. You could be organising festivals, coordinating campaigns, lobbying politicians or undertaking a wide variety of other duties.

DLÍODÓIR

Taitníonn léitheoireacht leat, agus is féidir leat a bheith ceandána ó am go chéile. Faoi láthair tá an-tóir ar dhlíodóirí le scileanna teanga san Aontas Eorpach. "Dlítheangeolaithe" a ghlaotar orthu. Cinntíonn an dlítheangeolaí nach gcailltear brí na bhfocal nuair a aistrítear cáipéisí agus doiciméid oifigiúla. Don obair reachtúil seo, tá sé thar a bheith tábhachtach go bhfuil gach rud go huile is go hiomlán cruinn. De ghnáth, bíonn taithí dlí ag duine mar seo, chomh maith le scileanna teanga ar ardchaihdeán.



LAWYER

You enjoy reading and you can be a bit headstrong at times. At the moment there's a huge demand for lawyers with language skills in the European Union. They call them "lawyer-linguists". Lawyer-linguists ensure that the meaning of the words is not lost when documents and official records are translated. For this kind of legislative work, it is very important to be certain that everything is accurate. Usually this person has legal experience as well as very good language skills.



SCRÍBHNEOIR

Cuireann an litríocht daoine ar fud an domhain faoi gheasa, agus ceanglaíonn sí tíortha agus cultúrtha le chéile. Is í an chomhairle is fearr don té ar mian leo a bheith ina scríbhneoir Gaeilge ná a bheith ag léamh agus ag scríobh go rialta. Nuair atá an nós seo cothaithe agat, is féidir leat do chuid smaointe a roinnt le daoine eile, agus do chuid oibre a thairiscint do chomhlachtaí foilsíúcháin. Cá bhfiús, seans go mbeadh do shaothar le clúdach ar an Ardeist amach anseo, nó go léireófar dráma a scríobh tú ar an stáitse nó ar an dteilifís.



WRITER

Literature captivates people all across the world, and connects countries and cultures to one another. The best advice for someone wishing to be a writer as Gaeilge is to read and write as regularly as possible. When you have cultivated this habit, you can share your ideas with others, and offer your work to publication companies. Who knows, maybe your work will be on the Leaving Cert course in future, or one of your dramas could be on stage or on the TV.

CEOLTÓIR

Caitheann tú gach lá beo ag cleachtadh, agus an aisling atá agat ná go mbeadh ná mílte ag éisteacht le do cheol. Tá méadú tagtha ar líon na n-amhránaíthe agus na mbannaí ceoil mór le rá a bhíonn ag casadh ceoil as Gaeilge le cúpla bliain anuas. Tá a leithéid de KNEECAP, The Coronas agus Picture This tar éis aird an domhain a tharraingt ar an amhránaíocht nua-chumtha i nGaeilge, agus bíonn ag éirí go hiontach leis an gceol traidisiúnta i gcónaí chomh maith.



MUSICIAN

You spend every living day practicing, and your dream is to have thousands of people listening to your music. The number of well-known bands and singers who are producing music as Gaeilge has increased hugely in the last few years. The likes of KNEECAP, The Coronas and Picture This have attracted worldwide attention to new music as Gaeilge, and traditional music continues to be as popular as ever.

AISTEOIR

Tagann sé go réidh leat aithris a dhéanamh ar dhaoine eile. Ní theastaíonn “gnáthlá oibre” uait ar chor ar bith; b’fhéarr leat an éagsúlacht a bhaineann le saol os comhair ceamara nó ar stáitse. Idir Brendan Gleeson, Saoirse Ronan, Paul Mescal, agus go leor eile, is minic a bhíonn roinnt Gaeilge ag na réaltaí Hollywood is fearr linn! Seasann an Ghaeilge amach i do chuid scileanna agus is iomaí duine a fuair deis aisteoireachta mar gheall uirthi.



ACTOR

Impressions come easily to you. The ideal of a “normal” workplace does not appeal to you at all; you prefer the unpredictability of life in front of a camera or on stage. Brendan Gleeson, Saoirse Ronan, Paul Mescal, and many more of our favourite Hollywood stars often have a bit of Gaeilge. Gaeilge can really stand out in your skill set and many people have received acting opportunities as a result of their cúpla focal.



STÁITSEIRBHÍSEACH

Bíonn stáitseirbhísigh ag tacú leis an rialtas a pholasaithe a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. Bheadh deis agat a bheith ag obair ar thionscnaimh a cabhraíonn leis an tír dul i ngleic leis na dúshláin a thagann chun cinn sa domhan. Tá conair ghairme shoiléir ann sa stáitseirbhís. Tosóidh tú amach ar ghrád ar leith sa Stáitseirbhís ag brath ar an leibhéal oideachais, an taithí, agus na scileanna atá agat. Is buntáiste ollmhór í an Ghaeilge a bheith agat más spéis leat a bheith ag obair sa Stáitseirbhís - de réir Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021, caithfidh 20% d'earcaithe nua don seirbhís phoiblí a bheith iniúil sa Ghaeilge roimh dheireadh 2030.



CIVIL SERVANT

Civil servants support the government in developing and implementing their policies. You would have the opportunity to work on projects that help the country to deal with the challenges that arise in the world. There is a clear career path within the civil service. You will start out in the civil service at a certain grade, depending on your level of education, your skills and your experience. Having Gaelge is a huge advantage if you are interested in becoming a civil servant - by virtue of the Official Languages (Amendment) Act 2021, 20% of new recruits in the public service will have to be proficient in Gaelge by the end of 2030

RIARTHÓIR

Teastaíonn solúbthacht agus forbairt ghairmiúil ar bhonn leanúnach uait. B'fhéidir nach bhfuil tú ag iarraidh fanacht rófhada in aon réimse amháin nó b'fhéidir go dteastaíonn uait an dréimire gairmiúil a dhreapadh. Bíonn riarthóirí le Gaeilge ag teastáil sna hearnáileacha ar fad, le freastal ar riachtanais na n-eagraíochtaí a fheidhmiú trí mheán na Gaeilge.



ADMINISTRATOR

You are looking for a lot of flexibility and support for you to develop your professional skill set. You may not want to stay too long in any one area or maybe you want to climb the ladder in your career. Administrators with Gaelge are needed across all sectors, to meet the needs of the organisations that work as Gaelge.

LEABHARLANNAÍ

Is duine an-eagraithe agus loighciúil thú. Taitníonn sórtáil agus córais leat, ní maith leat é nuair nach bhfuil rudáil in ord is in eagar. Ag an am céanna, tá tú go maith le ríomhairí agus, ar ndóigh, is maith leat am a chaitheamh sa leabharlann. Is seirbhís stáit í an leabharlann. Mar gheall air sin, ba chóir go mbeadh leabharlannaí amháin ar a laghad i ngach aon ionad atá in ann plé le daoine as Gaeilge.



LIBRARIAN

You are a very organised and logical person. You like sorting and systems, you do not like it when things are not in their proper place. At the same time, you're good with computers and, of course, you like to spend time in the library. The library is a state service. As a result, there should be at least one librarian in every library that can deal with people as Gaelge.



PREASOIFIGEACH

Is breá leat a bheith ag scaipeadh scéalta agus tuigeann tú cén sórt teachtaireachta a rachaidh i bhfeidhm ar dhaoine. Bíonn preasoifigeach de dhíth d'fhonn dea-íomhá na heagraíochta a chur chun cinn sna meáin Ghaeilge agus Bhéarla araon. Bíonn siad i dteagmháil leis na meáin áitiúla, náisiúnta, agus idirnáisiúnta. Caithfidh an preasoifigeach cuimhneamh a choimeád ar íomha na heagraíochta ar líne chomh maith.



PRESS OFFICER

You love to spread the word about stories and you know what kind of message will influence people. Press officers are needed to promote a positive image of organisations in both the Irish and English language media. They are in constant contact with local, national, and international media. The press officer must pay particular attention to the online image of the organisation.

IRISEOIR

An mbeadh fonn ort dul i ngleic le fadhb mhór na bréagnuachta? Bíonn tú ar tóir na fírinne. Tá scileanna scríbhneoireachta iontacha agat, taitníonn focail leat agus fanann tú ar an eolas faoi chúrsaí reatha. Is iomaí cineál iriseora atá ann, agus tá gá le daoine atá eolach ar réimse leathan ábhar. Bíonn ar an iriseoir gach gné den scéal a fhiosrú agus an domhan mór a chur ar an eolas faoi.



JOURNALIST

Would you like to tackle the threat of fake news? You look for the truth. You have fantastic writing skills, you have a way with words and you like to keep up-to-date on current affairs. There are many types of journalists, and people who are familiar with a wide variety of topics are needed in this career. Journalists need to explore all aspects of the story and inform the whole world of the facts.

LÁITHREOIR

Is maith leat a bheith ag díospóireacht ar cheisteanna móra an tsoil. Tá tú ag iarraidh aitheantas a thabhairt d'fhadhbanna sóisialta agus don sárbair atá á déanamh ag grúpaí áirithe sa phobal. Réitíonn tú go maith le daoine. Is iomaí duine mór le rá a fuair post mar láithreoir mar gheall ar an nGaeilge. Ní ar Raidió na Gaeltachta agus ar TG4 amháin atá láithreoirí ag teastáil ach ar na stáisiúin eile chomh maith. Samhlaigh tú féin ar RTÉ, iRadio, ar 2FM, ar Raidió Rí-Rá nó ar Spin.



PRESENTER

You like to discuss the big issues. You want to expose social inequalities as well as the excellent work of certain community groups. You get on well with people. There are many household names who have received a job as a presenter as a result of their Gaeilge. There is not only a need for Gaeilge presenters on Raidió na Gaeltachta and TG4 but on plenty of other stations too. Imagine yourself on RTÉ, iRadio, 2FM, Raidió Rí-Rá or on Spin.

GAEILGE 24

Speak Irish for a day



CAD É?

Is í aidhm an dúshláin **GAEILGE24** ná daoine óga a spreagadh chun Gaeilge amháin a labhairt ar feadh 24 uair an chloig: sa bhaile, ar scoil, le siopaí agus gnólachtaí, timpeall an bhaile, sa chlub spóirt & le cairde. Cuideofar le haigne na ndaoine óga a spreagadh agus eispéireas dearfach a thabhairt dóibh maidir le húsáid na Gaeilge ina saol féin.

CATHAIN?

Cláraigh: Mí Dheireadh Fómhair



SEÓ BÓTHAIR CHONRADH NA GAEILGE



CAD É?

Is ceardlann idirghníomhach í **AN SEÓ BÓTHAIR** a spreagann daltaí chun smaointeoireacht chriticiúil a dhéanamh maidir lena dtuairimí i leith na teanga. Déanfar plé leis na daltaí faoi na háiteanna ar féidir leo an Ghaeilge a úsáid agus faoina gcearta teanga, faoi na deiseanna fostaíochta agus cúrsaí tríú leibhéal atá ar fáil dóibh, agus bíonn neart duaiseanna le dáileadh freisin.

CATHAIN?

Aon am le linn an scoilbhliana

GHAELGE AR SCOIL

GEARDLANN RAIDIÓ LE RAIDIÓ RÍ-RÁ



CAD É?

Tugann **GEARDLANN RAIDIÓ RÍ-RÁ** deis do dhaltaí scileanna raidió a fhoghlaim. Beidh cláir raidió á n-ullmhú agus á dtaifead ag na daltaí. Craolfar na cláir raidió is fearr ar Raidió Rí-Rá nó cuirfear iad ar ár suíomh greasáin www.rrr.ie. Is féidir le 15 dalta ar a mhéad freastal ar an gceardlann. Tá an spás teoranta toisc go bhfuil béim faoi leith ar obair phraiticiúil.

CATHAIN?

Aon am le linn na scoilbhliana

CAD É?


Is í aidhm an chomórtais **#DÚSHLÁN** ná deis a thabhairt do mhic léinn ollscoile agus daltaí iarbhunscoile úsáid a bhaint as an nGaeilge i slí taitneamhach, nádúrtha, lasmuigh den tseomra ranga. Bíonn triúr ar gach foireann, agus bíonn 30 tasc le baint amach laistigh de 50 uair chloig.

CATHAIN?

Cláraigh: Mí Eanáir



30 DÚSHLÁN LE CRIOCHNU 50 UAIR A' CHLOIG



Comhrá
ar líne



CAD É?

Is comhrá leanúnach Gaeilge é **COMHRÁ** a bhíonn ar siúl ar líne gach bhliain. Glacann grúpaí Gaeilge agus Gaeltachta, cumainn tríú leibhéal, scoileanna, clubanna CLG, stáisiúin raidió, craobhacha Chonradh na Gaeilge agus go leor grúpaí pobail eile páirt sa Chomhrá fud fad an domhain. Reáchtáilfear an Comhrá thar Zoom.

CATHAIN?

Mí Dheireadh Fómhair

Fostaíocht ←

**GACH EOLAS FAOI CHÚRSAÍ
FOSTAÍOCHTA TRÍ GHAELGE - IN
ÉIRINN, SAN EORAIP AGUS NÓS
FAIDE I GCÉIN**

Mo Cheantar ←

**IMEACHTAÍ, EAGRAÍOCHTAÍ AGUS
DEISEANNA CHUN AN GHAELGE A ÚSÁID
SAN ÁIT A BHFUIL CÓNÁÍ ORT**

Ceartha ←

**TREORACHA MAR GHEALL AR
LEAS A BHAINT AS NA
CEARTA DAONNA AGUS
CEARTA SIBHIALTA ATÁ
AGAT I LEITH NA GAEILGE**

Meáin ←

**MOLTAÍ MAIDIR LE
HÁISEANNA GAEILGE AR LÍNE
- SUÍOMHANNA, AIPEANNA,
PODCHRAOLTAÍ, CUNTAIS AR
NA MEÁIN SHÓISIALTA AGUS
TUILLEADH**

peig.ie
íóige

Fostaíocht ←

Mo Cheantar ←

Ceartha ←

Meáin ←

